



2014. M8

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2014*

Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar II

200 MARC

**Dé Máirt
10 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 12.35**

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

Ceist 1: **LÉAMHTHUISCINT: A agus B**
Tá Ceist 1 - 5 ar cómharc.
Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail
an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

Ceist 2: **PRÓS:**
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

Ceist 3: **FILÍOCHT:**
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

Ceist 4: **LITRÍOCHT BHREISE**

A – 50 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Nelson Mandela: Laoch ar Lár

1. Ócáid a mbeidh cuimhne ag pobal an domhain uirthi go ceann i bhfad ná bás Nelson Mandela anuraidh. Níorbh aon údar mór iontais a bhás mar bhí aois mhór aige, agus bhí ag teip ar a shláinte le tamall de bhlianta roimhe sin. Ach fós féin baineadh siar as daoine ar fud an domhain nuair a fógraíodh a bhás go déanach Déardaoin, 5 Nollaig 2013. Scaipeadh an scéal go tapa ar na meáin chumarsáide. Briseadh isteach ar na gnáthsceidil raidió agus teilifíse ar fud an domhain. Duine de dhaoine eisceachtúla an domhain ba ea Nelson Mandela. Chuaigh sé i gcion go mór ar a lucht leanúna féin sa bhaile agus bhí tionchar mór aige ar chúrsaí an domhain. Láithreach bonn, foilsíodh ailt mheastóireachta agus eagarfhocail mholtacha i nuachtáin mhóra an domhain; agus ar ndóigh thosaigh daoine á mholadh go tréan ar na meáin shóisialta.

2. Rugadh Nelson Mandela i 1918 sa Transkei in oirdheisceart na hAfraice Theas. Leis an náisiún Xhosa a bhain sé agus ba bhall é de theaghlach ríoga threibh Thembu sa náisiún sin. ‘Rolihlahla’ an t-ainm a thug a mhuintir féin air ach fuair sé an t-ainm ‘Nelson’ nuair a chuaigh sé ar scoil. Ag an am sin, ní raibh meas ar chultúr na hAfraice sna scoileanna agus mar sin, b’éigean do gach dalta ainm Briotanach a bheith air. Bhain Mandela céim BA amach i 1943 agus cháiligh sé mar dhlíodóir ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1952, bhunaigh sé féin agus a chara, Oliver Tambo, a gcomhlacht dlí féin. Ba é sin an chéad chomhlacht de dhlíodóirí Afracacha a cuireadh ar bun san Afraic Theas. Bhí dlíthe an Apartheid i bhfeidhm go daingean sa tír ag an am sin. Dlíthe ollsmachtacha a bhí iontu a chuir bonn dlí faoin gcinedheighilt agus a chuir cosc ar aon duine nach raibh craiceann geal air páirt a ghlacadh i bpolaitíocht nó in eacnamaíocht nó i saol poiblí na tíre. Ba iad Mandela agus Tambo crann taca na nAfracach. Lá i ndiaidh lae bhí siad sna cúirteanna ag troid leis na húdaráis chiníocha ar son chearta phobal dúchasach na tíre.

3. Chláraigh Mandela mar bhall den African National Congress (ANC), eagraíocht a bunaíodh i 1912 chun troid ar son chearta daonna an chine ghoirm san Afraic Theas. Modhanna síochánta dlíthiúla a chleacht an ANC agus iad ag iarraidh cás an chine ghoirm a fheabhsú. Níor thug na húdaráis gheala aird ar a gcuid feachtas agus, de réir a chéile, shíl an ANC nach n-oibreodh aon rud ach an foréigean. Nuair a scaoil na póilíní urchair le slua Afracach a bhí ag léirsiú in Sharpeville i 1960, agus nuair a maraíodh naoi nduine is seasca sa slad, athraíodh dearcadh Nelson Mandela agus an ANC go hiomlán. Bhunaigh siad eite mhíleata, *Umkhonto we Sizwe*, i 1961 le dul i mbun feachtas foréigin lena gcearta a bhaint amach. Gabhadh Mandela i 1962. Cuireadh ar a thriail é in éineacht le grúpa comrádaithe as iarracht a dhéanamh an rialtas a bhriseadh le foréigean. Gearradh príosúnacht saoil orthu i 1964. Coinníodh Mandela i ngéibheann ar Robben Island agus i bpríosúin eile go dtí mí Feabhra 1990.

4. Sna blianta tosaigh a chaith Mandela sa phríosún, ba chosúil go leanfadh córas an Apartheid go ceann i bhfad. Ag an gcine geal a bhí an chumhacht agus an saibheas go léir san Afraic Theas. Bhí arm agus aerfhórsa láidir ag an tír. Sheas polaiteoirí idirnáisiúnta, sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe, mar shampla, le rialtas na hAfraice Theas. Ba bheag tacaíocht a fuair cúis an chine ghoirm ar feadh na mblianta fada ach tháinig athrú de réir a chéile. Diaidh ar ndiaidh, chruinnigh an ghluaiseacht fhrith-Apartheid neart san Afraic Theas agus ar fud an domhain. In Éirinn, mar shampla, sna hochtóidí, rinne roinnt oibríthe óga de chuid Dunnes Stores baghcat ar thorthaí ón Afraic Theas. Thuig rialtas na hAfraice Theas sa deireadh thiar go mbeadh orthu Mandela a scaoileadh saor agus teacht ar chomhréiteach leis an gcine gorm. Rinneadh Uachtarán de F. W. de Klerk sa bhliain 1989 agus chuaigh sé i mbun cainte láithreach le Mandela agus le ceannairí an ANC.

5. Bhí na cainteanna fadálach agus achrannach ach ar 27 Aibreán 1994 reáchtáladh olltoghchán saor daonlathach san Afraic Theas den chéad uair riamh. Bhí cead vótála ag gach saoránach a raibh aois vótála aige. Bhuaigh an ANC tromlach na vótaí agus ba iad an páirtí ba mhó sa pharlaimint iad. Toghadh Nelson Mandela ina Uachtarán. Fear a bhí sa phríosún go dtí cúpla bliain roimhe sin, bhí sé anois i gceannas ar an tír. Cúig bliana a chaith sé in oifig an Uachtaráin. Bhí ar an rialtas nua aghaidh a thabhairt ar an-chuid fadhbanna i ngach gné de shaol na hAfraice Theas, ach ba é an t-athmhuintearas náisiúnta an sprioc a chuir Mandela roimhe i ngach rud a rinne sé. Léirigh sé meas ar gach duine i gcónaí, a shean-naimhde agus a chairde aron, agus ba é a iompar pearsanta féin an rud ba mhó a chuir an tsíocháin chun cinn sa tír.

Aithnítear Nelson Mandela ar fud an domhain mhóir mar dhuine de na státairí ba mhó a mhair riamh. Sa bhliain 2009, d'fhógair Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a bhreithlá, 18 Iúil, ina 'Mandela Day'. D'iarr siad ar gach duine rud ar leith a dhéanamh an lá sin chun an tsíocháin a chur chun cinn sa domhan agus chun oidhreacht Nelson Mandela a cheiliúradh.



Bunaithe ar fhoinsí éagsúla

Ceisteanna

1. (a) Cén fáth nárbh aon údar mór iontais é bás Nelson Mandela anuraidh? (Alt 1)
 - (b) (i) Conas a scaipeadh scéal a bháis go tapa ar na meáin chumarsáide? (Alt 1)
 - (ii) Luaigh slí **amháin** ar tugadh moladh do Nelson Mandela i ndiaidh a bháis. (Alt 1) (7 marc)
2. (a) Cén fáth ar tugadh an t-ainm 'Nelson' air nuair a chuaigh sé ar scoil? (Alt 2)
 - (b) (i) Cad a rinne Mandela agus a chara sa bhliain 1952? (Alt 2)
 - (ii) Cén cosc a bhí i bhfeidhm faoi dhlíthe an Apartheid? (Alt 2) (7 marc)
3. (a) Cén fáth ar bunaíodh an African National Congress (ANC)? (Alt 3)
 - (b) (i) Luaigh pointe **amháin** eolais faoi shlad Sharpeville i 1960. (Alt 3)
 - (ii) Luaigh pointe **amháin** eolais faoi phríosúnacht saoil Nelson Mandela. (Alt 3) (7 marc)
4. (a) Cén fáth ar chosúil go leanfadh córas an Apartheid go ceann i bhfad? (Luaigh **dhá** phointe eolais.) (Alt 4)
 - (b) (i) Cad a rinne roinnt oibríthe óga de chuid Dunnes Stores sna hochtóidí? (Alt 4)
 - (ii) Cad a rinne F. W. de Klerk nuair a rinneadh Uachtarán de? (Alt 4) (7 marc)
5. (a) Cad a tharla ar 27 Aibreán 1994? (Alt 5)
 - (b) (i) Cén sprioc a chuir Nelson Mandela roimhe? (Alt 5)
 - (ii) Luaigh aidhm **amháin** atá le 'Mandela Day' ar 18 Iúil. (Alt 5) (7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den Mhodh Coinníollach in Alt 3 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 4.
 - (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, luaigh **dhá** thréith a bhain le Mandela, dar leat. Aimsigh sampla **amháin** de gach ceann den **dá** thréith sin sa sliocht. (Bíodh an freagra i d'fhocail féin. Is leor **60** focal.) (15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Súil Siar ar 2013

1. “Is fearr féachaint amháin romhat ná dhá fhéachaint i do dhiaidh,” a deir an seanfhocal. Mar dhuine óg atá ag tosú amach ar aistear na beatha, beidh tú ag pleanáil don toadhchá, ag breathnú romhat ar an *Debs* mar shampla, ar shaoire tar éis na scrúduithe, ar thosú ar choláiste tríú leibhéal san fhómhar. Is maith is fiú féachaint siar freisin, áfach. Ba mhínic a d’fhéach tú siar ar nótaí a bhreac tú, ar cheisteanna a d’fhreagair tú nó ar achoimrí a scríobh tú agus tú ag ullmhú don scrúdú seo. Mar náisiún, bímid ag breathnú siar go mínic na laethanta seo. Tá Deich mBliana na gCuimhneachán ar siúl faoi láthair, sinn ag féachaint siar ar na heachtraí a tharla idir 1912 agus 1922, tréimhse inar briseadh an Ríocht Aontaithe mar a bhíodh agus ina ndearnadh dhá stát dhifriúla d’oileán na hÉireann, Saorstát Éireann agus Tuaisceart Éireann. Ach fanfaimid níos gaire don am i láthair go fóill agus féachfaimid siar ar an mbliain seo caite, ar 2013.



2. Ainmníodh 2013 mar Bhliain na Gaeilge le comóradh a dhéanamh ar bhunú Chonradh na Gaeilge céad fiche bliain ó shin. Bhí imeachtaí ar siúl i rith na bliana. Eagraíodh *Comhrá 24/7*, mar shampla, a bhain curiarracht dhomhanda amach don chomhrá Gaeilge ab fhaide riamh, céad seasca is a hocht n-uaire an chloig. Bhí daoine ag comhrá “ó Ghlaschú go Gaoth Dobhair, ó Bhéal an Mhuirthead go Béising, ’s ó Chalifornia go Carn Tóchair”. Bhí an Ghaeilge níos faide i gcéin i mí Feabhra nuair a chuir an spásaire, Chris Hadfield, tuít Ghaeilge óna spásárthach agus é ag eitilt os cionn na hÉireann. “Tá Éire fíorálainn,” a dúirt sé. Ní raibh gach rud álainn i saol na Gaeilge, áfach. Tháinig deireadh leis na nuachtáin *Foinse* agus *Gaelscéal*. Bhí easpa maoinne ar na heagraíochtaí Gaeilge. Cáineadh Comhthionól Thuaisceart Éireann faoina naimhdeas leis an nGaeilge. I bPoblacht na hÉireann, d’fhógair an Coimisinéir Teanga go raibh sé chun éirí as a phost mar gheall ar easpa tacaíochta an stáit don Ghaeilge agus, go háirithe, mar gheall ar dhrogall an rialtais a pholasáí féin don Ghaeilge a chur i bhfeidhm.

3. Chuireamar slán leis an Triúracht (*Troika*) in 2013. Bhí siad sin ag coinneáil súil ghéar ar chúrsaí airgeadais na tíre, ag iarraidh ar an rialtas gearradh siar ar chaiteachas agus ciorruithe a chur i bhfeidhm. Tá siad imithe anois ach fanann a soiscéal eacnamaíochta i réim: is féidir fás a chothú ach gearradh a dhéanamh. Is maith an scéalaí an aimsir. Mheall Tóstal Éireann 2013 an-chuid cuairteoirí go hÉirinn anuraidh. Fáilte Éireann a reáchtáil an Tóstal chun daoine de bhunadh na hÉireann a mhealladh anseo ar saoire. Mheas daoine áirithe gur ar thóir airgead na gcuariteoirí a bhí Fáilte Éireann agus nach raibh aon suim acu sna cuairteoirí iad féin. Ba chosúil go raibh formhór na gcuariteoirí iontach sásta lena dturas ar an tír, áfach, agus b’ardú meanman do mhuintir na hÉireann na cuairteoirí a fheiceáil ag triail ar an tír as Sasana, as Meiriceá agus as gach cearn den domhan. Tá cuma níos fearr ar gheilleagar na hÉireann anois ná mar a bhíodh le cúpla bliain anuas ach nílimid gan cúis inní. An leanfaidh an fás beag geilleagrach atá le brath faoi láthair? An dtiocfaidh na cuairteoirí ar ais go hÉirinn?

4. Rinne muintir Inis Oírr a gcion in 2013 le hainm na tíre a choimeád in airde. Bhain siad dhá ghradam idirnáisiúnta ag Gradaim *LivCom* sa tSín. Is mínic a thugtar na hOscair Ghlasa ar na gradaim sin mar go dtugann siad aitheantas do phobail a léiríonn dea-chleachtais maidir le bainistiú an chomhshaoil áitiúil. Moladh pobal Inis Oírr ag searmanas *LivCom* as a ndílseacht do shaol traidisiúnta an oileáin, dá dteanga agus dá gcultúr dúchais. Moladh cúrsaí ealaíne agus ceardaíochta ar an oileán go speisialta. Ach ní gach rud go seoigh i gcomhshaoil oileáin Árann. Tá caint ar fheirm ollmhór éisc a thógáil i gCuan na Gaillimhe, rud a dhéanfadh truailliú uafásach dar le daoine áirithe. Chomh maith leis sin, tá an aimsir ag déanamh dochair d’infreastruchtúr na n-oileán agus ní dóthain airgid ann lena dheisiú. Is iontach an rud gradam, ach ní íocfaidh sé na billí.

5. Níl aon bhliain nach n-imíonn daoine ar shlí na fírinne. Triúr a d'imigh uainn anuraidh agus a airímid uainn go mór ná Seamus Heaney, Maidhc Dainín Ó Sé agus an tAthair Alec Reid. Ba as dhá cheann éagsúla den oileán iad na scríbhneoirí Heaney agus Ó Sé, agus scríobh siad a saothar i dteangacha éagsúla, ach léirigh siad beirt daonnacht nádúrtha ina gcuid scríbhneoireachta go léir. Chuir siad ceol ag rince ina gcuid focal agus gheal siad saol na hÉireann. Is beag duine in Éirinn a sheas chomh daingean ar son na síochána leis an Athair Alec Reid. Fear a bhí ann a chaith cuid mhór

dá shaol i dTuaisceart Éireann ag obair go ciúin calma leis an dá thaobh den phobal a thabhairt le chéile. Níor lorg sé aitheantas dó féin riamh ach is íomhá bhuan de na trioblóidí ó thuaidh iad na grianghraif chluíteacha den sagart umhal ar a dhá ghlúin ag guí le saighdiúir d'arm na Breataine a maraíodh ar shraideanna Bhéal Feirste. Tá an tsíocháin i réim i gcuid mhór de Thuaisceart Éireann anois, a bhuíochas sin d'Alec Reid agus do dhream beag cosúil leis.

Bunaithe ar fhoinsí éagsúla

Ceisteanna

1. (a) Luaigh **dhá** shampla den phleanáil don todhchaí a dhéanadh duine óg atá ag tosú amach ar aistear na beatha. (Alt 1)
(b) (i) Cén t-ullmhú a rinne tú don scrúdú seo, dar leis an údar? (Alt 1)
(ii) Tabhair pointe **amháin** eolais faoi na heachtraí a tharla sa tréimhse idir 1912 agus 1922. (Alt 1)
(7 marc)
2. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi *Chomhrá 24/7*. (Alt 2)
(b) (i) Cad a rinne an spásaire, Chris Hadfield, i mí Feabhra? (Alt 2)
(ii) Cén fáth ar fhógair an Coimisinéir Teanga go raibh sé chun éirí as a phost? (Alt 2)
(7 marc)
3. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi obair na Triúrachta in Éirinn. (Alt 3)
(b) (i) Cén fáth ar reáchtáil Fáilte Éireann an Tóstal in 2013? (Alt 3)
(ii) Cad ba chúis le hardú meanman mhuintir na hÉireann? (Alt 3)
(7 marc)
4. (a) Cén aidhm atá leis an gcomórtas *LivCom*? (Alt 4)
(b) (i) Luaigh pointe **amháin** eolais faoin moladh a tugadh do phobal Inis Oírr ag an searmanas. (Alt 4)
(ii) Luaigh cúis inní **amháin** atá ag muintir oileáin Árann faoi láthair. (Alt 4)
(7 marc)
5. (a) Luaigh difríocht **amháin** agus cosúlacht **amháin** idir saothar Seamus Heaney agus saothar Mhaidhc Dainín Uí Shé. (Alt 5)
(b) (i) Conas a chaith an tAthair Alec Reid cuid mhór dá shaol i dTuaisceart Éireann? (Alt 5)
(ii) Cén íomhá atá le feiceáil sna grianghraif chluíteacha den Athair Alec Reid? (Alt 5)
(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla d'ainmfhocal sa ghinideach iolra in Alt 1 **agus** sampla de bhriathar san Aimsir Fháistineach in Alt 3.
(b) Sna hailt 2 agus 3, déanann an t-údar cur síos ar rudaí éagsúla atá ag cur inní ar dhaoine áirithe. Scríobh síos **dhá** ábhar inní éagsúla a luaitear sna hailt sin **agus** cúis a luaitear le gach ceann de na hábhair inní sin. (Bíodh an freagra i **d'fhocail féin**. Is leor **60** focal.)
(15 mharc)

Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) *nó* Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

2A. Prós Ainmnithe

Maidir leis an ngearrscéal *Dís*, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá** cheann de na ceannteidil seo a leanas:

- (i) An léiriú a fhaighimid ar shaol bhean Sheáin sa ghearrscéal.
- (ii) An tábhacht a bhaineann leis an suirbhé in imeachtaí an ghearrscéil.
- (iii) An comhrá mar stíl inste sa ghearrscéal.

(30 marc)

2B. Prós Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá** cheann de na ceannteidil seo a leanas:

- (i) An fhorbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama ó thús deireadh an ghearrscéil.
- (ii) An t-atmaisféar atá le brath sa ghearrscéal seo.
- (iii) An ghné is mó de stíl inste an ghearrscéil a chuaigh i bhfeidhm ort.
(Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.)

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

– **FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH** – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) *nó* Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) “Tugann an file cur síos éifeachtach dúinn ar shaol agus ar chás an spailpín sa dán *An Spailpín Fánach* (thíos).” É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Cad é an mothúchán is mó sa dán seo, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cén mheadarachta atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán. (9 marc)

An Spailpín Fánach

1. Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa tír seo, an spailpín fánach.

2. Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

3. Go deo deo arís ní raghaid go Caiseal
ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
siúd siúl ar an spailpín fánach.

3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin? Déan plé gairid ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an bpríomhthéama sin. (15 mharc)
- (ii) Cad é an mothúchán is mó sa dán seo, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cén ghné den dán is mó a chuaigh i bhfeidhm ort? Scríobh **dhá** phointe eolais faoin ghné sin. (9 marc)
Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

– LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

4A. An Triail

“Is spéisiúil an léiriú a dhéantar sa dráma *An Triail* ar an gcineál duine í Bean Uí Chathasaigh, máthair Mháire, **agus** ar an gcaoi a gcuireann sí leis an tragóid i saol Mháire.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4B. A Thig Ná Tit Orm

“Cé go raibh an bochtanas thart timpeall ar Mhaidhc agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht bhí spórt agus spraoi ann leis.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“Tugtar léiriú éifeachtach dúinn sa *Tóraíocht* ar thréithe Dhiarmada **agus** ar an bpáirt atá ag Diarmaid i bhforbairt an scéil.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4D. Gafa

“Sa sliocht as an úrscéal *Gafa*, tugtar léargas éifeachtach dúinn ar chás an déagóra Eoin, **agus** ar an gcaoi a gcuireann a iompar leis an teannas sa teaghlach.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4E. Canary Wharf

“Tá cur síos éifeachtach ar aigne Éamoinn **agus** ar an tionchar a bhí ag caint Phrendergast agus Warrighe air sa scéal *Canary Wharf*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4F. Dánta Breise – Fill Arís

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Fill Arís* (thall), dar leat? Déan plé ar fhorbairt an phríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Dein d’fhaoistin is dein

Síocháin led ghiniúin féinig

Is led thigh-se féin is ná tréig iad,

Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.

(10 marc)

(iii) Cén léargas a thugtar sa dán ar an bhfile a chum é, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais.

Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.

(10 marc)

Fill Arís

Fág Gleann na nGealt thoir,
Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,
Dún d'intinn ar ar tharla
Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,
Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom
Is an bóthar fada, bain ded mheabhair
Srathar shibhialtacht an Bhéarla,
Shelley, Keats is Shakespeare:
Fill arís ar do chuid,
Nigh d'intinn is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim:
Dein d'fhaoistin is dein
Síocháin led ghiniúin féinig
Is led thigh-se féin is ná tréig iad,
Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.
Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiséal gairmeach ar bhéalaibh daoine:
 Sin é do dhoras,
 Dún Chaoín fé sholas an tráthnóna,
 Buail is osclófar
 D'intinn féin is do chló ceart.

Leathanach Bán